CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2519 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Nollaig 2022

maidir leis na sonraíochtaí teicniúla agus na caighdeáin le haghaidh an chórais e-CODEX, lena n-áirítear maidir leis an tslándáil agus na modhanna i ndáil le fíorú ar shláine agus barántúlacht

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair sibhialta agus coiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2022/850, tá an córas e-CODEX comhdhéanta de phointe rochtana e-CODEX, de chaighdeáin nós imeachta dhigiteacha, agus de tháirgí bogearraí tacaíochta, doiciméadacht tacaíochta agus sócmhainní tacaíochta eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) Tá pointe rochtana e-CODEX comhdhéanta de thairseach ina bhfuil bogearraí bunaithe ar shraith choiteann prótacal, lenar féidir faisnéis a mhalartú go slán thar líonra teileachumarsáide le tairseacha eile a úsáideann an tsraith prótacal choiteann chéanna, agus de nascóir, lenar féidir córais nasctha a nascadh leis an tairseach, ina bhfuil bogearraí bunaithe ar shraith prótacal choiteann oscailte.

(3) Chun go n-éireoidh le próiseas aistrithe agus glactha freagrachta an chórais e-CODEX chuig eu-LISA, agus chun gur féidir na cúraimí a mbeidh eu-LISA freagrach astu a chomhlíonadh, ba cheart na híos-sonraíochtaí teicniúla agus na híoschaighdeáin theicniúla a bhunú, lena n-áirítear maidir leis an tslándáil agus na modhanna i ndáil le fíorú ar shláine agus barántúlacht, a thacaíonn le comhpháirteanna an chórais e-CODEX.

(4) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní raibh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh Rialachán (AE) 2022/850 agus dá bhrí sin níl sí faoi cheangal ag an gCinneadh seo ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, ní raibh Éire rannpháirteach i nglacadh Rialachán (AE) 2022/850 agus dá bhrí sin níl sí faoi cheangal ag an gCinneadh seo ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus thug sé a thuairim uaidh an 24 Samhain 2022.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste a bunaíodh le hAirteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2022/850,

([1]) IO L 150, 1.6.2022, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na híos-sonraíochtaí teicniúla agus na híoschaighdeáin theicniúla, lena n-áirítear maidir leis an tslándáil agus na modhanna i ndáil le fíorú ar shláine agus barántúlacht, a thacaíonn le comhpháirteanna an chórais e-CODEX dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2022/850, beidh siad mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Na sonraíochtaí teicniúla agus na caighdeáin le haghaidh an chórais e-CODEX, lena n-áirítear maidir leis an tslándáil agus na modhanna i ndáil le fíorú ar shláine agus barántúlacht

1. **RÉAMHRÁ**

San Iarscríbhinn seo, leagtar amach na híos-sonraíochtaí teicniúla agus na híoschaighdeáin le haghaidh chomhpháirteanna e-CODEX, lena n-áirítear na sonraíochtaí agus na caighdeáin maidir leis an tslándáil agus na modhanna i ndáil le fíorú ar shláine agus ar bharántúlacht.

2. **COMHPHÁIRTEANNA AN CHÓRAIS E-CODEX**

2.1. De réir Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), tá an córas e-CODEX comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

(a) pointe rochtana e-CODEX, atá comhdhéanta de na nithe seo a leanas:

(i) tairseach;

(ii) nascóir.

(b) caighdeáin nós imeachta dhigiteacha,

(c) na táirgí bogearraí tacaíochta, an doiciméadacht tacaíochta agus na sócmhainní tacaíochta eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/850:

(i) cód foinse an Ardáin Lárnaigh Tástála;

(ii) cód foinseach na hUirlise Bainistíochta Cumraíochta;

(iii) Binse Oibre Meiteashonraí (MDW);

(iv) Croístór Focal r-Cheartais an Aontais;

(v) doiciméadacht ailtireachta.

2.2. Ó thaobh feidhme de, roinntear na heilimintí sin ina dhá gcatagóir: bosca Uirlisí e-CODEX agus sócmhainní in-imscartha e-CODEX.

2.3. **Tá an córas e-CODEX comhdhéanta den mhéid seo a leanas:**

(a) Doiciméadacht ailtireachta e-CODEX;

(b) Cód foinseach fhoireann feidhmchláir an nascóra;

(c) Cód foinseach na hUirlise Bainistíochta Cumraíochta;

(d) Cód foinseach an Ardáin Lárnaigh Tástála;

(e) Ceadúnas ó thríú páirtí le haghaidh Binse Oibre Meiteashonraí;

(f) Croístór Focal r-Cheartais an Aontais;

(g) Caighdeáin nós imeachta dhigiteacha.

(a) Doiciméadacht ailtireachta e-CODEX

Is éard is doiciméadacht ailtireachta ann doiciméadacht a úsáidtear chun eolas teicniúil agus faisnéiseach a sholáthar do gheallsealbhóirí ábhartha maidir le roghnú na gcaighdeán nach mór do shócmhainní eile de chuid an chórais e-CODEX a chomhlíonadh. Sainítear ann na ceanglais agus na prionsabail a bhfuil feidhm acu nuair a bhíonn cumarsáid trasteorann idir-inoibritheach á cruthú chun malartú leictreonach sonraí a éascú, lena n-áirítear aon ábhar in-tarchurtha i bhfoirm leictreonach. Ina theannta sin, liostaítear ann na caighdeáin agus na modheolaíochtaí a roghnaíodh ar a bhfuil an córas e-CODEX bunaithe. Déanann an ailtireacht neamhspleáchas an chórais e-CODEX a áirithiú.

(b) Cód foinseach fhoireann feidhmchláir an nascóra

Úsáidtear cód foinseach fhoireann feidhmchláir an nascóra chun na sócmhainní in-imscartha a bhfuil cur síos orthu i gcaibidil 2.4.2. a chruthú.

([1]) Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 150, 1.6.2022, lch. 1).

(c) An Uirlis Bainistíochta Cumraíochta

An Uirlis Bainistíochta Cumraíochta, is uirlis ghréasán-bhunaithe í le haghaidh comhaid chumraíochta a bhainistiú a bhaineann leis an Tairseach r-Sheachadadh agus leis an Nascóir, agus cuireann sí bealach caighdeánaithe ar fáil chun an sreabhadh oibre cumraíochta a láimhseáil. Is féidir leis an eintiteas a bhfuil pointe rochtana údaraithe e-CODEX á oibriú aige rochtain a fháil ar an Uirlis Bainistíochta Cumraíochta trí thairseach atá ar fáil ar fud an domhain agus is féidir leis a chuid sonraí cumraíochta r-Sheachadadh a uaslódáil. Ní mór a áireamh sna sonraí a uaslódáiltear faisnéis faoi chumraíocht críochphointe líonra na Tairsí, gach deimhniú slándála is gá don nasc, chomh maith leis na tionscadail, timpeallachtaí agus cásanna úsáide sonracha a bhfuil an t-eintiteas rannpháirteach iontu. Tá an Uirlis Bainistíochta Cumraíochta ann le seiceáil uathoibríoch a dhéanamh ar bhailíocht na sonraí a uaslódáiltear agus aiseolas a thabhairt don eintiteas a bhfuil pointí rochtana údaraithe e-CODEX á n-oibriú aige má bhíonn earráidí ann.

Nuair a fhaightear fógra faoi aon athrú ar na sonraí a sholáthraíonn eintiteas a bhfuil pointe rochtana údaraithe e-CODEX á oibriú aige, déanfar pacáiste cumraíochta e-CODEX nua a tháirgeadh (féach pointe 2.4.3.) trí úsáid a bhaint as an uirlis sin. Na heintitis uile a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX, tá fógra le tabhairt dóibh faoi chruthú an phacáiste cumraíochta e-CODEX nua agus is féidir leo é a íoslódáil go díreach ón Uirlis Bainistíochta Cumraíochta aon tráth. Is féidir leis an Uirlis Bainistíochta Cumraíochta pacáistí cumraíochta e-CODEX a sholáthar le haghaidh timpeallachtaí TF éagsúla, amhail TÁSTÁIL, GLACADH nó TÁIRGEADH.

Beidh feidhm ag pacáistí cumraíochta e-CODEX nua seacht lá tar éis a gcruthaithe agus, más infheidhme, ní mór d'eintitis a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX an pacáiste nua a shuiteáil ina dtimpeallacht féin faoin tráth sin.

Ina theannta sin, coimeádann an Uirlis Bainistíochta Cumraíochta an t-eintiteas a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX cothrom le dáta maidir le hamanna rite a ndeimhnithe slándála agus tugann sé fógra roimh ré, trí ríomhphost, faoi dhul in éag na ndeimhnithe sin nuair a bhíonn sin ag druidim leo. I gcás ina ligfeadh eintiteas a bhfuil pointe rochtana údaraithe e-CODEX á oibriú aige a ndeimhnithe slándála a dhul in éag, déanfar iad a bhaint go huathoibríoch nuair a chruthófar an chéad phacáiste eile.

Déanfar an Uirlis Bainistíochta Cumraíochta a óstáil go lárnach agus beidh sé ar fáil 24/7 do rannpháirtithe e-CODEX. Beidh an tacaíocht teoranta d'uaireanta gnó.

(d) An tArdán Lárnach Tástála

Is bonneagar tástála uathoibrithe é an tArdán Tástála Lárnach e-CODEX. Cuireann sé ar chumas an eintitis a bhfuil pointe rochtana údaraithe e-CODEX á oibriú aige tástálacha nascachta agus tástálacha ó cheann go ceann a dhéanamh idir a mbonneagar e-CODEX agus a lárphointe tástála seasta gan aon chomhpháirtí eile (e.g. pointe rochtana údaraithe e-CODEX eile) a bheith ag teastáil chun feidhmiúlachtaí cumarsáide a thástáil. Fágann sé gur féidir teachtaireachtaí tástála inoiriúnaithe a sheoladh agus a fháil agus dá bhrí sin laghdaítear an iarracht a bhíonn ag teastáil chun bonneagar e-CODEX a thástáil tráth na suiteála tosaigh agus tráth na tástála cúlchéimnithe araon. Déantar an dul chun cinn i dteachtaireachtaí aonair, fianaise agus logaí earráide a bhaineann le Ríomhphoist Cláraithe ó Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (ETSI) a rianú agus a chur i láthair do na heintitis a bhfuil pointí rochtana údaraithe e-CODEX á n-oibriú acu trí phróisis amhairc atá deartha go sonrach.

Is éard atá san Ardán Tástála Lárnach tairseach e-CODEX, Nascóir, Nascóir-cliant agus Comhéadan Grafach Úsáideora Gréasáin gaolmhar (faoi láthair, gréasán tosaigh/cúil atá tógtha ar Nuxt.js) is féidir a úsáid chun teachtaireachtaí a sheoladh chuig tairseach comhpháirtí chomh maith le teachtaireachtaí a fheiceáil a sheolann an tairseach chéanna chuig an Ardán Tástála Lárnach. Faoi láthair, stórálann an tArdán Tástála Lárnach faisnéis oibriúcháin thábhachtach (athróga áitiúla) ar ásc MongoDB agus léann sé faisnéis chumraíochta (páirtí) ó bhunachar sonraí an nascóra. Ina theannta sin, úsáideann sé Comhéadan Ríomhchláraithe Feidhmchláir (API) an aistrithe stáit ionadaíochta nascóir-cliant chun faisnéis a fháil faoi theachtaireachtaí e-CODEX agus teachtaireachtaí nua a chur chuig an nascóir agus an tairseach.

Chun réiteach inoiriúnaithe a sholáthar le haghaidh gach timpeallachta e-CODEX, úsáidtear an tArdán Tástála Lárnach in áisc éagsúla (cóipeanna) atá ann i dtimpeallachtaí éagsúla e-CODEX. Tá gach ásc den Ardán Tástála Lárnach imscartha faoi láthair i dtimpeallacht UNIX (CentOS 7), ina bhfuil gach comhpháirt ann i gcomhar lena chéile. Leis sin, éascaítear riarachán agus rochtain ar chóras na gcomhad ach is féidir é a oiriúnú chun freastal ar shuiteálacha ina gcoimeádtar bonneagar teachtaireachtaí e-CODEX ar leithligh.

Tá gach úsáideoir den Ardán Tástála Lárnach nasctha le tairseach amháin (1). Chun an tArdán Tástála Lárnach a úsáid le haghaidh tástála, is é an t-aon cheanglas atá ann go bhfuil tairseach an phointe rochtana údaraithe e-CODEX sin sna p-mhóid le haghaidh na timpeallachta áirithe sin d'Uirlis Bainistíochta Cumraíochta e-CODEX.

(e) An Binse Oibre Meiteashonraí

Is uirlis é an binse oibre meiteashonraí ina ndéantar Croístór Focal r-Cheartais an Aontais a riar. Cuireann sé ar chumas na samhaltóirí séimeantacha an stór focal a chothabháil ar bhealach inbhuanaithe a chloíonn le caighdeán samhaltaithe Shonraíocht Teicniúla na Croí-Chomhpháirteanna mar a shainmhínítear i ndoiciméadacht ailtireachta e-CODEX. Is réiteach "bogearraí mar sheirbhís" gréasánbhunaithe é nach bhfuil rochtain theoranta aige ach ar riarthóirí Croístór Focal r-Cheartais an Aontais. Forbraíodh agus oibrítear an Binse Oibre Meiteashonraí thar ceann Aireacht Dlí agus Cirt agus Slándála na hÍsiltíre. Ar bhonn comhaontú ceadúnais atá le tabhairt i gcrích idir an Aireacht Dlí agus Cirt agus eu-LISA, tabharfar rochtain do eu-LISA ar an mBinse Oibre Meiteashonraí chun Croístór Focal r-Cheartais an Aontais a riar agus a oibriú.

(f) Croístór Focal r-Cheartais an Aontais

Is sócmhainn é Croístór Focal r-Cheartais an Aontais le haghaidh téarmaí agus sainmhínithe séimeantacha in-athúsáidte a úsáidtear chun comhsheasmhacht sonraí agus cáilíocht sonraí a áirithiú le himeacht ama agus i ngach cás úsáide. Tá gach struchtúr teachtaireachta a bhaineann le cásanna úsáide sonracha (scéimrí XML) bunaithe ar a stór séimeantach.

D'fhéadfaí na hathruithe a thiocfaidh ar an gCroístór Focal r-Cheartais amach anseo a dhéanamh i gcomhréir leis na Croístórtha Focal ([2]). Chun comhréireacht leis an tsonraíocht a bhailíochtú, d'fhéadfaí bailíochtóir XML-bhunaithe a bhunú trí úsáid a bhaint as an tseirbhís Binse Tástála Idir-inoibritheachta a chuireann an Coimisiún ar fáil.

(g) Caighdeáin nós imeachta dhigiteacha

Ciallaíonn caighdeán nós imeachta digiteach na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh samhlacha próisis gnó agus le haghaidh na scéimrí sonraí lena leagtar amach struchtúr leictreonach na sonraí arna malartú tríd an gcóras e-CODEX bunaithe ar Chroístór Focal r-Cheartais an Aontais. Sa tsamhail próisis gnó, tugtar tuairisc ar chur chun feidhme teicniúil nós imeachta leictreonach na hionstraime dlí a dtacaíonn córas e-CODEX leis.

Is éard is toradh ar an tsamhail próisis gnó in éineacht le Croístór Focal r-Cheartais an Aontais, scéimrí XML ina dtugtar tuairisc ar struchtúr leictreonach na gcaighdeán nós imeachta digiteach. A bhuí le scéimrí XML, féadann pointí rochtana údaraithe doiciméid a sheoladh agus a fháil mar a fhoráiltear le hionstraim um chomhar breithiúnach trasteorann.

2.4. **Sócmhainní in-imscartha e-CODEX**

Is comhpháirteanna e-CODEX iad sócmhainní in-imscartha e-CODEX arna n-imscaradh ag eintitis a oibríonn pointe rochtana údaraithe e-CODEX ina dtimpeallacht e-CODEX. Cé is moite den tairseach, tá siad le dáileadh ag eu-LISA ar na heintitis a oibríonn pointe rochtana údaraithe e-CODEX.

Is iad seo a leanas na sócmhainní in-imscartha:

(a) An Tairseach (pointe 2.4.1);

(b) Foireann Feidhmchláir an Nascóra (pointe 2.4.2);

(c) An pacáiste cumraíochta e-CODEX (lena n-áirítear na p-mhóid, deimhnithe poiblí agus socruithe slándála) (pointe 2.4.3);

(d) Dearadh an chomhoibrithe gnó nó an tsamhail próisis gnó mar chuid de na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha;

(e) Is struchtúir teachtaireachta iad na scéimrí XML mar chuid de na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha.

2.4.1. ***An Tairseach***

Is í an Tairseach laistigh den chóras e-CODEX an bloc tógála atá freagrach as an malartú cumarsáide bunúsach. Faoi láthair cuirtear na caighdeáin seo a leanas chun feidhme sa tairseach:

(a) Caighdeán OASIS ([3]) ebMS 3.0: Teachtaireachtaí idirmhalartaithe tairsí a chomhlíonann an caighdeán ebXML. Leis an gcaighdeán sin, sainítear an struchtúr nach mór a bheith ag ceanntásc teachtaireachta le go dtuigfí é i mbonneagar e-CODEX;

(b) Próifíl seolta teachtaireachtaí an ráitis infheidhmeachta (AS4) maidir le OASIS: Is próifíl comhréireachta í seo a bhaineann le sonraíocht OASIS ebMS 3.0;

([2]) https://joinup.ec.europa.eu/collection/semantic-interoperability-community-semic/core-vocabularies

([3]) An Eagraíocht um Chur chun Cinn Caighdeán Faisnéise Struchtúrtha.

(c) Próifíl choiteann na próifíle r-Sheachadta AS4 ([4]).

Is féidir aon réiteach tairsí a chomhlíonann na ceanglais sin a úsáid.

2.4.2. ***Foireann Feidhmchláir an Nascóra***

Is comhpháirt nasctha é an nascóir chun feidhmchláir náisiúnta a bhaineann go sonrach le caighdeáin nós imeachta dhigiteacha a nascadh leis na caighdeáin chineálacha maidir le seoladh teachtaireachtaí is infheidhme sa tairseach. Dá bhrí sin, cuireann an chomhpháirt seo na gnéithe seo a leanas leis an gcumarsáid bhunúsach a bunaíodh cheana féin le comhpháirt na tairsí:

(a) **Fianaise i ríomhphoist chláraithe ó ETSI**: Is fianaise iad sin a ghineann an nascóir i bhformáid shínithe XML. Is é cuspóir na fianaise sin an seoltóir a chur ar an eolas faoi theachtaireacht maidir le próiseáil rathúil nó neamh-rathúil na teachtaireachta. Déanann an nascóir fianaise a ghiniúint agus a chur isteach ag céimeanna éagsúla den phróiseáil teachtaireachtaí;

(b) **Ceadchomhartha TrustOK**: Leis an nascóir seolta bailíochtaítear sláine agus fíordheimhniú an doiciméid gnó sa teachtaireacht. Scríobhtar toradh an bhailíochtaithe sin i gceadchomhartha TrustOK. Gintear an ceadchomhartha sin le fomhodúl den nascóir: an leabharlann slándála;

(c) **Coimeádán ASIC-S**: I gcomhréir le Caighdeán ETSI EN 319 162-1 maidir le Sínithe Leictreonacha agus Bonneagair Leictreonacha agus Coimeádáin Sínithe Ghaolmhara (ASiC). Leis an gcoimeádán áirithítear barántúlacht agus sláine an phálasta arna dtarchur ag an nascóir;

(d) **Slándáil WS**: Chun slándáil tharchur na dteachtaireachtaí a mhéadú, úsáideann an nascóir an tslándáil WS ar thaobh na tairsí, agus ar thaobh an chórais nasctha le haghaidh tarchur. Fágann sé sin go mbíonn gach teachtaireacht a chuireann an nascóir isteach nó a fhaigheann sé criptithe agus sínithe;

(e) **API Coiteann**: Cuireann an nascóir API cobhsaí ar fáil, ar rud é a shainíonn na seirbhísí gréasáin a úsáidtear chun nascadh leis an tairseach agus le feidhmchlár nó feidhmchláir na gcóras nasctha. In API an nascóra tugtar tuairisc freisin ar struchtúr na dteachtaireachtaí a mhalartaítear leis an nascóir.

Sa bhreis ar bhogearraí an nascóra féin, tá cliant feidhmchláir san fhoireann feidhmchláir freisin atá beartaithe chun tacú le córas nasctha le haghaidh seoladh teachtaireachtaí e-CODEX a láimhseáil, nó chun an córas sin a ionadú.

Mar aon leis sin, forbraíodh breiseán le haghaidh thairseach Domibus go sonrach ([5]) chun nasc a dhéanamh idir API coiteann an nascóra agus cór próiseála na tairsí.

2.4.3. ***Pacáiste cumraíochta e-CODEX***

I gcumarsáid atá bunaithe ar ebMS 3.0, rialaíonn p-mhód (nó mód próiseála) tarchur na dteachtaireachtaí uile a bhfuil baint acu le malartú teachtaireachtaí idir dhá Láimhseálaí Seirbhíse Teachtaireachtaí. Áirítear i bpacáiste cumraíochta e-CODEX bailiúchán de pharaiméadair chumraíochta teachtaireachtaí (comhaid p-mhóid, roinnt stór iontaoibhe le haghaidh deimhnithe, seoltaí líonra) ina sonraítear go mionsonraithe an bealach a dhéantar teachtaireachtaí a sheoladh.

Is féidir paraiméadair cumraíochta teachtaireachtaí a aicmiú de réir na gcúig chatagóir seo a leanas:

(a) Paraiméadair a bhaineann leis an seoltóir, amhail:

(i) aitheantóir pháirtí an tseoltóra;

(ii) an deimhniú a úsáideann an seoltóir chun teachtaireachtaí a shíniú;

(iii) údaráis deimhniúcháin a bhfuil iontaoibh ag an seoltóir astu;

(iv) seoladh nó seoltaí an líonra óna dtionscnóidh an seoltóir cumarsáid.

(b) Paraiméadair a bhaineann leis an bhfaighteoir, amhail:

(i) aitheantóir pháirtí an fhaighteora;

(ii) an deimhniú a bhfuil coinne ag an bhfaighteoir lena úsáid chun teachtaireachtaí a chriptiú;

(iii) údaráis deimhniúcháin a bhfuil iontaoibh ag an bhfaighteoir astu;

([4]) https://ec.europa.eu/digital-building-blocks/wikis/x/RqbXGw

([5]) Is é an Coimisiún a dhéanann tairseach Domibus a chothabháil (https://ec.europa.eu/digital-building-blocks/wikis/display/DIGITAL/Domibus)

(iv) seoladh nó seoltaí an líonra óna nglacfaidh an faighteoir cumarsáid isteach.

(c) Paraiméadair a bhaineann leis an bpéire seoltóir/faighteoir, amhail (i gcás ina n-úsáidtear iad):

(i) aitheantóir an chomhaontaithe, aitheantóir p-mhóid.

(d) Paraiméadair a bhaineann leis na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha, amhail:

(i) ról nó róil pháirtí an tseoltóra;

(ii) ról nó róil pháirtí an fhaighteora;

(iii) seirbhís nó seirbhísí;

(iv) gníomhaíochta nó gníomhaíochtaí laistigh den tseirbhís.

(e) Paraiméadair a bhaineann le húsáid an phrótacail seolta teachtaireachtaí, nó le próifíl an phrótacail seolta teachtaireachtaí.

In e-CODEX déantar gach comhad cumraíochta a bhaineann le Láimhseálaí Seirbhíse Teachtaireachtaí nó le fearann a chuachadh in aon mháistirchomhad amháin, comhad is féidir a úsáid chun an tairseach agus an nascóir a chumrú.

Sa mháistirchomhad, sainítear líonra cumarsáide aonair is féidir leis an Láimhseálaí Seirbhíse Teachtaireachtaí a úsáid le linn a oibrithe. Is gá an chumraíocht a ghiniúint go lárnach toisc nach mór faisnéis uile na bpointí rochtana údaraithe e-CODEX ar fad a bheith ar fáil chun pacáiste cumraíochta e-CODEX a ghiniúint, pacáiste a chruthaíonn an Uirlis Bainistíochta Cumraíochta.

3. SLÁNDÁIL AGUS MODHANNA CHUN SLÁINE AGUS BARÁNTÚLACHT AN CHÓRAIS E-CODEX A FHÍORÚ

Is córas cumarsáide é an córas e-CODEX lena dtugtar tacaíocht láidir chun aghaidh a thabhairt ar cheanglais slándála agus ceanglais cosanta sonraí. Go háirithe, tá na gnéithe teicniúla is gá sa chóras e-CODEX chun na ceanglais uile dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh ([6]).

3.1. Slándáil trí dhearadh

Ó thaobh teicniúil de, is sásra iompair é an córas e-CODEX. Tá sraitheanna éagsúla ann atá ábhartha don tslándáil:

(a) sraith líonra;

(b) sraith iompair;

(c) sraith teachtaireachta;

(d) sraith doiciméid.

Cuirtear bearta slándála i bhfeidhm ar gach ceann de na sraitheanna sin.

3.1.1. *Sraith líonra*

Is féidir e-CODEX a úsáid le cineálacha éagsúla sraitheanna líonra. Is iondúil go gcuirtear i bhfeidhm é ar ghnáthnaisc idirlín. Dá bhrí sin, bíonn an tslándáil ag teacht leis na feidhmchláir shlándála is gnách a bhaineann le teicneolaíocht an idirlín (agus leathnaítear an tslándáil sin leis na sraitheanna eile a thuairiscítear sa phointe seo). I bhformhór chásanna úsáide e-CODEX, is leor sraith líonra den sórt sin. I gcás riachtanais slándála níos airde, d'fhéadfaí sraith líonra eile a chur i bhfeidhm ina theannta sin. Is féidir líonraí eile a chur san áireamh freisin.

3.1.2. *Sraith iompair*

Is iondúil go gcosnaítear an tsraith iompair le Slándáil Sraithe Iompair (TLS) nó le mTLS (TLS frithpháirteach). Is caighdeán seanbhunaithe é sin chun an tsraith iompair i dteicneolaíochtaí idirlín a chosaint agus cuirtear i bhfeidhm é ar fud an domhain ar líon ollmhór seirbhísí. Is trí TLS/mTLS a chuirtear an criptiú agus an fíordheimhniú ar fáil ar an gcainéal iompair. Déanann sé an bealach iompair idir gach mol den bhealach iompair a dhaingniú. Ní mór do gach mol sonraí an tseolta (agus na sonraí sin amháin) a dhíchriptiú chun an teachtaireacht a chur ar aghaidh chuig an gcéad mhol eile. Sula gcuirtear ar aghaidh é, déanann gach mol sonraí an tseolta a chriptiú arís. Is féidir TLS simplí (aontreo) a bheith ann agus uaireanta cuirtear i bhfeidhm an cineál TLS sin go fóill, ach moltar TLS déthreo (mTLS) a úsáid toisc go bhfuil sé ag teacht chun cinn mar an caighdeán reatha chun an tsraith iompair a chosaint.

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

3.1.3. ***Sraith teachtaireachta***

Ar shraith na teachtaireachta, cuireann comhpháirteanna éagsúla e-CODEX roinnt caighdeán i bhfeidhm:

(a) Is é AS4 an prótacal a úsáidtear le haghaidh tarchur "tairseach le tairseach" (mar shraith na teachtaireachta) agus déanann sé na teachtaireachtaí a shíniú agus a chriptiú — ag brath ar an gcumraíocht slándála ar leibhéal na tairsí;

(b) Is é an nascóir croí-chomhpháirt an chórais e-CODEX. Cuireann sé slándáil le sraith na teachtaireachta trí úsáid a bhaint as slándáil WS chun teachtaireachtaí a shíniú agus a chriptiú le haghaidh na seirbhísí gréasáin chuig an tairseach agus an gréasán cúil. Dá bhrí sin, cuirtear criptiú "nascóir le nascóir" sa bhreis i bhfeidhm;

(c) Úsáidtear deimhnithe digiteacha le haghaidh fheidhmiúlacht an tsínithe agus an chriptithe ar fud na gcóras e-CODEX. Tá na deimhnithe digiteacha sin maidir le criptiú agus síniú i gcomhréir le caighdeán X.509.

3.1.4. ***Sraith doiciméid***

Bíonn doiciméid agus ceangaltáin i dteachtaireachtaí. Cuirtear i bpacáiste iad, ar a dtugtar "coimeádán". Tógtar an coimeádán de réir an chaighdeáin ASiC-S. Síníonn an nascóir seolta an coimeádán ASiC-S agus déantar an síniú a bhailíochtú nuair a fhaigheann an nascóir glactha é.

3.2. **Modhanna maidir le fíorú sláine agus barántúlachta**

3.2.1. ***Rochtain ar chumraíocht e-CODEX***

Ní mór an chumarsáid idir pointí rochtana e-CODEX a chumrú roimh ré. Déantar an chumraíocht sin trí phacáiste cumraíochta e-CODEX. Sa phacáiste cumraíochta tá na sonraí a bhaineann le seoladh, an beartas slándála atá i bhfeidhm agus faisnéis eile. Thairis sin, tá stór iontaoibhe ann freisin ina bhfuil deimhnithe poiblí na bpointí rochtana e-CODEX uile atá rannpháirteach. Déanann "Comhordaitheoir Cumraíochta" lárnach na comhaid chumraíochta le haghaidh chumraíocht gach comhpháirtí a chruthú trí bhíthin na hUirlise Bainistíochta Cumraíochta. Ní thugtar rochtain ar an Uirlis Bainistíochta Cumraíochta ach amháin do na comhpháirtithe arna iarraidh sin dóibh go pearsanta agus ar bhonn indibhidúil. Tá an rochtain riaracháin teoranta do Chomhordaitheoirí Cumraíochta, rud a dhéanfaidh eu-LISA bainistiú air.

3.2.2. ***Sínithe agus séalaí leictreonacha a bhfuil tacú leo***

Ní mór don chóras e-CODEX tacú le gach cineál ríomhshéala agus ríomhshínithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 910/2014.

3.2.3. ***Ceadchomhartha TrustOK e-CODEX***

Déanann an nascóir seolta síniú an chaighdeáin nós imeachta dhigitigh ar theachtaireacht a bhailíochtú. Scríobhtar toradh an bhailíochtaithe sin ar cheadchomhartha TrustOK e-CODEX. Gineann leabharlann slándála an ceadchomhartha sin, leabharlann ar fomhodúl den nascóir é. Is é nascóir e-CODEX a dhéanann bailíochtú ar an síniú leictreonach trí úsáid a bhaint as uirlisí um sheirbhís sínithe dhigitigh.

3.2.4. ***Ceadchomhartha atá Inléite ag Meaisín (XML)***

Tagann an ceadchomhartha atá inléite ag meaisín mar chomhad XML atá faoi bhun scéimre áirithe ina bhfuil an fhaisnéis uile maidir le síniú an cheadchomhartha gnó agus na tuarascála bailíochtaithe mar thoradh ar an mbailíochtú dlíthiúil agus teicniúil.

3.2.5. ***Ceadchomhartha atá Inléite ag an Duine (PDF)***

Tá trí chuid sa chomhad PDF. Sa chéad chuid a chuirtear i láthair ar an gcéad leathanach den cheadchomhartha féin, tá faisnéis ghinearálta maidir leis an ardchóras leictreonach agus measúnú ar bhailíocht dhlíthiúil an doiciméid gnó. Ina theannta sin, taispeántar séanadh agus "stampa bailíochtaithe" ag bun an leathanaigh lena léirítear toradh an bhailíochtaithe dhlíthiúil.

Is éard atá in ardchóras leictreonach, córas nasctha atá in ann an t-úsáideoir a shainaithint ar bhealach slán agus sláine na dteachtaireachtaí a sheoltar tríd an gcóras idir an cliant agus nascóir e-CODEX a áirithiú.

Sa dara cuid ar an dara leathanach, tugtar forléargas teicniúil caighdeánaithe ar an bhfaisnéis ón mbuntuarascáil bhailíochtaithe. Ní hionann an fhaisnéis a thugtar san fhorléargas teicniúil nó bíonn sé ag brath ar an gcóras nasctha (atá bunaithe ar fhíordheimhniú nó ar shíniú). Tá an fhaisnéis a sholáthraíonn an deimhniú foluiteach, lena n-áirítear tréithe (i gcás ina bhfuil siad ar fáil), le fáil i gceadchomhartha atá bunaithe ar shíniú. Tá ainm na hinstitiúide ónar seoladh an doiciméad, agus, nuair a sholáthraítear é, ainm údar an doiciméid, le fáil i gceadchomhartha atá bunaithe ar fhíordheimhniú.

Is éard atá ag bun an leathanaigh sin, stampa a bhfuil dath thoradh an bhailíochtaithe theicniúil air (glas/buí/dearg) agus tuairisc ghairid, e.g. ina dtugtar faisnéis bhreise faoin bhfáth a bhfuair doiciméad ar leith measúnú teicniúil buí.

Is éard atá sa tríú cuid den doiciméad, an bhuntuarascáil bhailíochtaithe mar a chruthaigh bogearraí bailíochtaithe an Bhallstáit eisiúna í.

4. NA CAIGHDEÁIN NÓS IMEACHTA DHIGITEACHA A FORBRAÍODH GO DTÍ SEO

An tSeirbhís r-Cheartais	caighdeán nós imeachta digiteach: múnla próisis	caighdeán nós imeachta digiteach: scéimre XML	foinse an tionscadail
Ordú Íocaíochta Eorpach	√	√	e-CODEX
Éilimh Bheaga	√	√	e-CODEX
Barántas Gabhála Eorpach	√	√	e-CODEX
Pionóis Airgeadais	√	√	e-CODEX
Cúnamh Frithpháirteach Dlí	√	√	e-CODEX
FD 909 (Pianbhreitheanna Coimeádta)	√	√	e-CODEX
Cúrsaí Pósta	√	√	e-SENS
Ordú Caomhnaithe Fianaise AE	√	√	e-SENS
Clár Uachtanna	√	√	e-SENS
Seirbheáil Doiciméad	√	√	e-CODEX